# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/85

Galway County Council Archives

Coláiste na h-Ollsgoile, Gaillim
UNIVERSITY COLLEGE, GALWAY.

GP2/85 (1)

31 – 12 – 1930.

A Ṫomáis, a ċara,

Tá mé a' cur cóip de *Ḋánta Eoġain Ruaiḋ mic an Ḃáird* ċugad. Eadrainn féin, tá praiseaċ déanta de ag clódóirí agus ag an gcló Rómánaċ, aċ ní mise is ciontaċ ar fad leis sin. Níl annseo aċ ceann de na cóipeanna tosaiġ: tá "Addenda et Corrigenda" dá ċur leis na ceanna eile [rud a ṫeastuiġeas go géar]. Ċuir Eoġan Ó Neaċtain léirmeas ar an leabar ċuig an *Independent* trí seaċtṁainí ó ṡoin, aċ níor ṫáinig sé amaċ sa bpáipéar fós — b'féidir, le do ṫoil, go ndéanfá fear na Gaeḋilge san oifig sin a ṁúsgailt: b'ait liom léirmeas Eoġain ḟeiceál.

Go leigiḋ Dia slán ṫar an mbliaḋain ṫú féin agus do ċéile, agus go mba seaċt fearr a ḃéas sib an tráṫ seo aiṫḃliaḋain.

Do ċara,

Tomás Ó Raġallaiġ.

GP2/85(2)

Naċ ġéar a ṫeastuiġ uait clúdaċ ⁊ stampa a ċur ċugamsa: ní baoġal go bfuil mé ċóṁ fágṫa sin fós.

An Grianán,
Gaillimh.
3-1-1931.

A Ṫomáis, a ċara,

Tá na freaġraí faoi an gclúdaċ seo. Is maiṫ liom go bfuil tú a' plé leis an sgríobnóireaċt: am ar biṫ ċuirfeas tú an sgéal sin ċugam léiġfiḋ mé go cúramaċ é. Sílim go mba ċeart duit rud éigin a' sgríobaḋ ⁊ a ċur ċuig Coyde Feise Connaċt i mbliadna — beiḋ an Clár ar fáġail go luaiṫ, measaim. Cupla lá ó ṡoin ċuireas cóip de Dánta Eoġain Ruaiḋ mic an Ḃáird ċugad, ⁊ beiḋinn an buiḋeaċ díot dá bfeadfá cur fá ndeara don 'leabeo lí' sin agaib san "Independent" an léirṁeas a ċuir Eoġain ó Neaċtain ċuige a ċur isteaċ go luaiṫ.

Tá súil agam go bfuil tú féin ⁊ do ċéile ar ḟeabas a' domain.

Mise
Do ċara
Tomás Ó Raġallaiġ.